Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6835/24**

**SOC 121**
**EMPL 66**
**EDUC 52**
**ECOFIN 226**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an Chláir Oibre Shóisialta a bheidh ann amach anseo<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 11 Márta 2024.

## Cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an Chláir Oibre Shóisialta a bheidh ann amach anseo

*Díospóireacht bheartais*

**Seimeastar Eorpach 2024**

Dearcadh dearfach ar an mórgóir atá sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2024[1] agus sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[2], atá le formheas agus le glacadh faoi seach ag an gComhairle. Cé gur tháinig maolú ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch in 2023, bhí ráta fostaíochta an Aontais níos airde ná riamh agus thit an dífhostaíocht go dtí an leibhéal is ísle riamh, in ainneoin difríochtaí idir na Ballstáit agus taobh istigh díobh. Tá an boilsciú, a bhain buaicleibhéal amach in 2022, ag dul i laghad.

Feictear ganntanais i margadh an tsaothair seasta, margadh a bhíodh ag feidhmiú go tréan tráth. Cuireann na ganntanais sin bac ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an iomaíochas agus cuireann siad bac freisin ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an gcothroime, nithe a bhí ar na príomhthéamaí a pléadh ag Cruinniú Mullaigh Val Duchesse le déanaí[3]. Thairis sin, ní théann margadh láidir saothair chun tairbhe ar an mbealach céanna do gach grúpa agus tá bacainní struchtúracha roimh go leor acu i gcónaí maidir le lánpháirtiú iomlán i margadh an tsaothair. Áirítear orthusan 8 milliún ógánach nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna; léiríonn na sonraí sin go gcaithfear coinneáil leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg[4] a chur chun feidhme go dúthrachtach. Lena chois sin, d'fhan méaduithe ar phá faoi bhun na rátaí arda boilscithe, a d'fhág cailliúint i gcumhacht ceannaigh, agus a chuir as go díréireach do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam.

---

[1] 6791/24.

[2] 6073/24

[3] Cruinniú Mullaigh na gComhpháirtithe Sóisialta in Val Duchesse — Dearbhú Trípháirteach maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach bisiúil

[4] Doiciméad ón gComhairle, Athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg — Príomhtheachtaireachtaí 6831/24 agus Moladh ón gComhairle IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

D'fhan sciar na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an chuimsithe shóisialta san Aontas cobhsaí a bheag nó a mhór, a bhuí freisin le gníomhaíocht chinntitheach beartais in éadan géarchéimeanna éagsúla agus le héifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta, ainneoin na ndúshlán atá ann i gcónaí maidir lena leordhóthanacht agus lena n-inbhuanaitheacht. Mar sin féin, tá go leor eile nach mór a dhéanamh fós má táthar leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a laghdú go follasach agus má táthar leis an sprioc a bhaint amach faoi 2030. Cé go gcuidíonn fás fostaíochta ar bhealach dearfach leis an mbochtainneacht a laghdú, tá na tairbhí míchothrom. Is dúshláin iad seasta an bhochtaineacht fuinnimh agus an inacmhainneacht tithíochta. Tá duine as gach deichniúr san Aontas i líon tí inar mó na costais tithíochta ná 40 % den ioncam indiúscartha iomlán. De dheasca praghsanna arda fuinnimh agus géarchéim na gcostas maireachtála, fágadh nach raibh tuairim is 9.3 % de mhuintir na hEorpa in acmhainn a dtithe a choinneáil te go leor in 2022, i gcomparáid le 6.9 % in 2021.

Ag féachaint níos doimhne ná leibhéal an Aontais, tá anailís théagartha thírshonrach sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht i mbliana maidir le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos, anailís atá bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta[5]. Is é a bhaintear de thátal as an anailís sin, go ndeachaigh feabhas níos substaintiúla in 2022 ar na Ballstáit sin a thosaigh amach ar leibhéal sách íseal fostaíochta agus dífhostaíochta, ar an mórgóir, in 2021, rud a léiríonn cóineasú maidir leis na gnéithe sin. D'fhéadfadh go mbeadh míbhuntáistí ag gabháil, mar sin féin, leis an gcóineasú sóisialta aníos i gcás scileanna, in ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, a chruthódh dúshlán don infhostaitheacht agus a chuirfeadh leis an éagothromaíocht, mura gcuirfí dlús suntasach le gníomhaíocht bheartais. Mar fhocal scoir, bhí torthaí sóisialta cobhsaí, a bheag nó a mhór, in 2022 in ainneoin na ngéarchéimeanna iomadúla, ach ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu, mar sin féin, i bhfianaise an ardchostais mhaireachtála — agus sainaithnítear cásanna criticiúla éagsúla i réimsí ar nós cosaint shóisialta agus cúram leanaí.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún anailís dara céim a dhéanamh ar na rioscaí sin a d'fhéadfadh a bheith ann do roinnt Ballstát. Ag deireadh thimthriall Sheimeastar 2024, beidh deis ag an gCoiste Fostaíochta agus ag na Coistí um Chosaint Shóisialta breathnú go grinn ar thionchar na hanailíse ar chóineasú sóisialta aníos bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, lena n-áirítear ar a ngníomhaíochtaí, agus cuirfidh siad an Chomhairle ar an eolas.

[5] Mar atá i ndoiciméad tagartha 9481/23 maidir le príomhtheachtaireachtaí EMCO-SPC

**An Clár oibre straitéiseach**

Ag breathnú níos faide anonn ná Seimeastar Eorpach 2024 agus na díospóireachtaí a bhí ar siúl le linn chruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí fostaíochta agus gnóthaí sóisialta in Namur an 11 agus an 12 Eanáir á gcur san áireamh freisin, thíolaic an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na Beilge, Tuairim maidir leis na tosaíochtaí beartais a bheidh ann amach anseo don Aontas maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[6]. Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na Beilge leas a bhaint as an Tuairim sin mar rannchuidiú leis an gcomhdháil ardleibhéil maidir leis an gColún a thionólfar in La Hulpe an 15 go dtí an 16 Aibreán,

Mar a rinne na hairí níos túisce, leagann na Coistí béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gColún ó 2017 i leith, agus deir siad gur cheart cur chun feidhme nithiúil phrionsabail an Cholúin a bheith ina bpríomhthosaíocht i gcónaí ag an Aontas agus ag na Ballstáit, ós rud é go leanann na prionsabail sin de bheith mar bhunchloch maidir le dul i ngleic le mórthreochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, beartais ghaolmhara a mhúnlú, cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn san Aontas, agus tacú leis an dul chun cinn i dtaobh spriocanna an Aontais do 2030 agus i dtaobh na spriocanna náisiúnta. Sainaithníonn na Coistí na mórdhúshláin a eascraíonn as mórthreochtaí na meardigiteála, an athraithe aeráide agus an athraithe dhéimeagrafaigh.

Cé go n-aithnítear sa tuairim a thábhachtaí atá sé na tionscnaimh reachtacha agus na tionscnaimh eile a bhí ann le déanaí a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, cuireann sí i dtreis freisin go gcaithfear gníomhú ar leibhéil éagsúla beartais (lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta) i réimsí éagsúla chun dul i ngleic le dúshláin leanúnacha a théann i bhfeidhm ar Bhallstáit uile an Aontais agus a bhfuil gá le freagairtí comhchoiteanna ina leith.

Ar cheann de na réimsí tosaíochta follasacha tá beartais scileanna — atá lárnach i mBliain Eorpach na Scileanna, mar atá faoi láthair, agus a mbeidh ról tábhachtach acu maidir leis an dá chonstaic ghearrthéarmacha a shárú, is é sin le rá, ganntanas scileanna agus saothair agus cuimsiú neamhleor i margadh an tsaothair. Tá beartais scileanna ríthábhachtach freisin chun aistriú cothrom i dtreo geilleagar glas digiteach a mhúnlú. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí an chéad phrionsabal den Cholún, lena n-áirítear an ceart chun oiliúna (mar a cuireadh i dtreis i nDearbhú Trípháirteach Val Duchesse), a dhéanamh níos infheidhme.

6 7005/24

Ó thaobh an Mhargaidh Aonair de, agus an tuarascáil maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair atá le cur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí an 21 go dtí an 22 Márta 2024 á cur san áireamh freisin, ní mór aird bhreise a thabhairt ar chearta saothair a chaomhnú, dálaí oibre a fheabhsú, soghluaisteacht chothrom a fheabhsú agus gnéithe sóisialta i rialacha an tsoláthair phoiblí a neartú, mar chuid de 'cothrom na Féinne' atá mar bhonn taca léi.

D'fhéadfadh tuilleadh machnaimh ar an gcaoi ar féidir leis an gColún leanúint de thacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus dá áirithiú go mbeidh an t-aistriú is gá i dtreo geilleagar glan-nialasach cóir agus cothrom[7], rud a d'fhéadfadh a bheith úsáideach freisin. I ndáil leis sin, agus gan dochar don phlé ar an gcaoi ar maoiníodh é, d'fhéadfadh taithí dhearfach SURE machnamh a spreagadh maidir leis an mbreisluach a bhaineann le hionstraim a chomhdhlúthú chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit le haghaidh scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint le linn aistrithe.

**Rialachas**

An 10 Feabhra, thángthas ar chomhaontú sealadach maidir leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch, arb é is aidhm dó airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe a áirithiú, agus fás inbhuanaithe cuimsitheach á chur chun cinn ag an am céanna i ngach Ballstát trí athchóirithe agus infheistíocht.

Tá pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha nua i gcroílár an chreata nua. Déanfaidh na Ballstáit pleananna a cheapadh agus a thíolacadh ina leagfar amach a spriocanna fioscacha, a n-athchóirithe agus a n-infheistíochtaí tosaíochta, agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar aon mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann le linn tréimhse choigeartaithe fhioscach. Tagraíonn an 'tréimhse choigeartaithe' don tréimhse ama ina laghdaítear leibhéal fiachais Ballstáit ar bhealach inbhuanaithe, trí mheascán de choigeartuithe, athchóirithe agus infheistíochtaí fioscacha.

---

7 Féach freisin an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Measúnú Eorpach ar Riosca Aeráide

Na Ballstáit a gheallann athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, bainfidh siad tairbhe as tréimhse choigeartaithe níos céimsí, arna síneadh ó 4 bliana go dtí suas le 7 mbliana. Ní mór na critéir shonracha a chur san áireamh sna bearta sin, go háirithe, trí aghaidh a thabhairt ar mholtaí tír-shonracha arna n-eisiúint chuig na Ballstáit i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh nó trí dhíriú ar thosaíochtaí beartais sonracha de chuid an Aontais a bhaint amach. Áirítear orthu sin, faoi seach, na moltaí ar bhonn na dtreoirlínte fostaíochta (Airt. 148 CFAE) agus prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Thairis sin, agus suirbhé á dhéanamh aige ar a gcur chun feidhme, áireoidh an Coimisiún an dul chun cinn maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phríomhspriocanna a chur chun feidhme, tríd an scórchlár sóisialta agus trí chreat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint[8]. Agus chomh tábhachtach céanna, beidh gach ceann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leordhóthanach, rud a fhágann gur gá feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí meastóireachta ar an tionchar ar acmhainneacht staidrimh chun na ceanglais nua a chomhlíonadh.

Sa Tuairim chomhpháirteach ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta cuirtear béim ar ról an tSeimeastair Eorpaigh ó thaobh prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme, ag cur leis an Tuairim roimhe sin maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh[9], ina luaitear gur 'cheart do chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO a ról comhordúcháin agus faireacháin a choinneáil maidir le gach ábhar a bhaineann le margadh an tsaothair, scileanna agus beartais shóisialta, lena n-áirítear i ndáil le hábhar ábhartha na ndoiciméad uile faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí.' Chuir sí chun suntais freisin gur gá cineál iltaobhach phróisis an tSeimeastair a choinneáil. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá, dá bhrí sin, le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi leis an méid sin a bhaint amach i gcomhthéacs an chreata nua. Thairis sin, iarrtar go comhleanúnach sa Tuairim go bhforbrófaí treoirlínte coiteanna maidir le modheolaíochtaí chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí eacnamaíocha na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe sóisialta, chomh maith le straitéis chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus úsáid sonraí riaracháin agus iarrachtaí comhpháirteacha chun tráthúlacht na dtáscairí sóisialta a fheabhsú.

[8] Mínítear an méid sin freisin in Aithris 7 agus cuirtear in iúl go soiléir gurb é an 'creat' atá i gceist an Creat um Chóineasú Sóisialta.
[9] 15418/23

**I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hAirí díospóireacht bheartais a thionól maidir leis na ceisteanna seo a leanas:**

1. *Cén chaoi ar féidir leis an Aontas, i réimse na mbeartas sóisialta agus fostaíochta, rannchuidiú ar an mbealach is fearr le dul i ngleic leis na rioscaí gearrthéarmacha don chóineasú sóisialta aníos, agus tacaíocht á tabhairt d'iomaíochas an Aontais ag an am céanna?*

2. *Cad iad na príomhthosaíochtaí don chlár oibre straitéiseach a bheidh ann amach anseo, go háirithe chun na príomhspriocanna a bhaint amach maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, agus cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh bhreise i ndáil leis sin chun foghlaim ar feadh an tsaoil, cearta saothair comhionanna agus tacaíocht le linn aistrithe sa mhargadh saothair a chothú?*

3. *Ag féachaint do dhíospóireacht an lae amárach, cén chaoi a d'fhéadfadh Airí Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta tairbhe a bhaint as comhar feabhsaithe leis na hAirí Airgeadais, cad iad na réimsí beartais agus cén fáth?*